



Gaeilge na hArdteiste Clár 1 RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2015

Nótaí ar an mBéaltriail

bunaithe ar agallamh le Séamas Ó Máirtín, comhairleoir oideachais an chláir

Tá béim níos mó ar an nGaeilge mar theanga labhartha anois san Ardteist. Bronntar 40% de na marcanna ar an ngné seo den scrúdú.

Maireann an triail chainte idir 13 agus 15 nóiméad. Bíonn ceithre chuid ann: Fáiltiú, Léamh na Filíochta, Cur Síos ar Shraith Pictiúr agus ag críochnú ansin le Comhrá.

Bronntar 5 mharc don Fháiltiú, 35 marc do léamh na filíochta, 80 marc don tsraith pictiúr. Sin 240 in iomlán.

Fáiltiú (5 mharc)

Ní bhíonn i gceist anseo ach na gnáth-bheannachtaí agus ansin **ainm, dáta breithe, aois, seoladh baile** agus **scrúd-uimhir** an iarrthóra.

Tá deis mhaith ag an iarrthóir an píosa seo a ullmhú go maith, agus cabhróidh sé sin leis nó léi 'tús maith' a chur leis an scrúdú.

Léamh na Filíochta (35 marc)

Níl i gceist ach an 5 dán atá ar an gcúrsa filíochta. Is é an scrúdaitheoir a roghnóidh an dán agus na véarsaí atá le léamh. Ní foláir do na daltaí an dán a aithris le brí, le cruinneas foghraíochta agus le rithim na cainte. Molann Séamas Ó Máirtín do scoláirí teideal an dáin agus ainm an fhile (más ann dó) a lua.

Molann sé freisin gur ceart na dánta a aithris os ard agus tú ag cleachtadh don bhéaltriail. Cloisfear ná dánta ar fad á n-aithris le le linn an chláir.

An tSraith Pictiúr (80 marc)

Bíonn 20 leathanach A4 de phictiúir ann agus sraithe de 6 phictiúr ar gach leathanach. Roghnaítear leathanach A4 amháin go randamach istigh sa scrúdú. An scrúdaitheoir a roghnaíonn an tsraith pictiúr a bhfuil cur síos le déanamh uirthi. Tugtar thart ar 30 soicind don iarrthóir sula n-iarrfar

air/uirthi tosú ar an gcur síos. Ansin cuireann an t-iarrthóir 3 cheist ar an scrúdaitheoir i dtaobh na bpictiúr agus ina dhiaidh sin, cuireann an scrúdaitheoir 3 cheist ar an iarrthóir.

Níl ábhar na bpictiúr casta nó deacair ar chor ar bith. Baineann na téamaí le taithí saoil na ndéagóirí; saoire in Éirinn, nó thar lear; timpistí; seal i gcoláiste samhraidh Gaeltachta; eachtraí éagsúla; comórtais éagsúla; cúrsaí spóirt agus araile. Tá cead ag na daltaí freagairt in aimsir ar bith is mian leo (Aimsir Chaite nó Aimsir Láithreach) ach amháin nár mhór dóibh cloí leis an aimsir sin.

An Comhrá (120 marc)

Arsa Séamas:

“Ní foláir go mbeadh na daltaí in ann labhairt faoi na hábhair seo a leanas: **an teaghlach; áit chónaithe; an scoil; cineálacha caitheamh aimsire; cúrsaí faisin; saoire in Éirinn nó thar sáile;** agus **an tslí bheatha** a thaitneodh leo amach anseo. Déarfainn leis na daltaí a bheith cinnte a dtopaicí pearsanta féin a bheith ullmhaithe go maith acu, agus cleachtadh os ard a dhéanamh orthu.”

An ndéantar marcáil dian ar an mbéaltriall Ghaeilge? Táim ag smaoineamh anseo ar bhotúin ghramadaí agus a leithéidí?

“Caithfidh mé a rá go mbíonn an mharcáil an-fhéaráilte ar fad. Ní bhíonn na scrúdaitheoirí ag díriú ar bhotúin ghramadaí. É sin ráite, ní foláir do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de na haimsirí éagsúla – éisteacht go cúramach le ceisteanna an scrúdaitheora agus freagairt san aimsir cheart dá réir. Is ag díriú ar chumas an iarrthóra chun cumarsáid a dhéanamh a bhíonn an scrúdaitheoir.”

Stiúradh an chomhrá ar mhaithe leis an iarrthóir - Na 'Baoití'

An féidir leis an iarrthóir an comhrá a threorú?

“Is féidir. Nuair atá an dalta ag cur síos ar an áit ina bhfuil sé/sí ina chónaí, is féidir leis/léi topaic na scoile a oscailt agus nuair atá sé/sí ag cur síos ar chúrsaí scoile - ansin is féidir leis topaic an spóirt a oscailt.”

Tugann Séamas 'baoití' ar na leideanna seo sa chomhrá, lena dtugann an dalta le fios go mba mhaith leis labhairt faoi ábhar ar leith. Bíonn cluas ar an scrúdaitheoir do na leideanna sin i bhfreagraí an dalta agus cuirfidh sé/sí ceisteanna dá réir.

An pointe is tábhachtaí, dar le Séamas, ná go bhfuil na scrúdaitheoirí ag iarraidh marcanna a bhronnadh, seachas iad a bhaint, sa Bhéaltriall.

Cloisfear samplaí de bhéaltrialacha i ngach ceann de na trí mhór-chanúintí Gaeilge le linn na sraithe seo **Gaeilge na nArdteiste** agus is féidir éisteacht leis na podchraoltaí ar

<http://www.rte.ie/rnag/gaeilge-na-hardteiste/>

Freisin, is féidir téacs an chomhrá a íoslódáil ón suíomh agus é a léamh agus tú ag éisteacht.

Sa chéad Bhéaltriall Shamplach a ghabhann in éineacht leis na nóta seo, cloistear dalta ó Chúige Uladh agus í ag caint le scrúdaitheoir ó Chúige Mumhan.

Beidh a thuilleadh comhairle faoin mbéaltriall sna nótaí do Chlár 2 agus Clár 3 sa tsraith seo.